

❖ An Lúibín ❖

7 Aibreán 2013

Éireannaigh Melbourne

Ar 26 Márta 2013 thug an Dr Patrick Morgan, staraí, caint ag seimineár Léinn Éireannaigh i gColáiste Newman, Ollscoil Melbourne. Ba é teideal na cainte 'The Melbourne Irish, 1880-1920'. Céatadán ard de phobal Stát Victoria ba ea na hÉireannaigh agus bhí líon mór acu ina gcónaí in Melbourne, cé nár mhór an difríocht a bhí idir cathair agus tuath maidir le tréithe. Mar sin féin, níor phobal aonchineálach iad: phósadh Éireannaigh mná Albannaigh, Maróinítigh agus eile nuair nach mbeadh Éireannaigh fir le fáil.

B'as an tuath dóibh uile, beagnach, iad óg, gan phósadh, agus idir 20% agus 30% díobh ina mná. Tháinig an chuid is mó acu idir na blianta 1860 agus 1880 agus ghabh siad a mbealach féin sa tír; is mór an t-achar a bhí an dá thír; briseadh glan a bhí ann mar sin.

Ba é Melbourne an chathair ba Ghaelaí san Astráil – is ann a bhí an náisiúnachas Éireannach, lucht Home Rule agus léinn Éireannaigh, neart Bráithre Críostaí agus trí Chéad Aire de shliocht na nGael. Is ann a bhí an tArdeaspag Mannix, eaglaiseach forránach a chuidigh le cos i bpoll a chur le cúis an Rialtas Dhúchais trí thaobhú le Sinn Féin.

Ar na pearsana is suimiúla a bhain leis an bpobal sin tá Arthur Lynch (1861-1934). (Sheas a athair le Pater Lalor ag Eureka.) Fuair sé céim ó Ollscoil Melbourne agus rinne staidéar sa Ghearmáin; bhí Gearmáinis agus Francisc ar a thoil aige. Chuaigh sé go dtí an Afraic mar iriseoir agus throid ann ar son na mBórach. Toghadh annsin mar Fheisire Éireannach i bParlaimint na Breataine sa bhliain 1901; ach dhíol sé as scéal na mBórach. Ciontaíodh as tréas é agus daoradh chun báis, pionós a athraíodh láithreach bonn go príosún saoil. Fuair sé pardún sa bhliain 1907 agus toghadh mar Fheisire arís. Bhain sé céim leighis amach sa bhliain 1908 agus bhíodh sé ag obair mar dhochtúir. Thug sé comhairle don rialtas sa Chéad Chogadh Domhanda. Scríobh sé neart leabhar.

In Melbourne bhí na hÉireannaigh agus a sliocht le fáil in aon áit a raibh capaill, bóithre iarainn nó seamlais; lena chois sin bhídís ina bpóilíní, ina gcléirigh agus ina lucht dlí. De réir a chéile scaip siad tríd an gcathair (ní raibh saincheantair Éireannacha ann), agus cé gur 24% den phobal iad níor sholáthair siad ach timpeall 8% de na teachtaí parlaiminte anuas go dtí an bhliain 1915.

Ní pobal ró-aontaithe atá i gceist. Scoilt siad ceithre huair: tháinig achran as cabhair stáit do scoileanna Caitliceacha, as ceist *Home Rule*, as ceist an choinscrioifa sa Chead Chogadh Domhanda (chuir Mannix ina choinne ach bhí an *Advocate*, nuachtán na gCaitliceach, ar a shon) agus as scoilt Pháirtí an Lucht Oibre (dream a raibh neart Caitliceach ann) faoi cheist an chumannachais.

Ag freagairt ceiste dó dúirt Patrick go raibh sé ar aon intinn le Patrick O'Farrell (sárstaraí na nÉireannach san Astráil) sa mhéid gur fhág na hÉireannaigh a lorg chomh mór sin ar shaol na tíre nárbh fhéidir iad a aithint anois mar dhream ar leith sa phobal.



Irisí

Cad leis a mbeifeá ag súil in iris Ghaeilge? Spleodar, éagsúlacht, scríbhneoireacht den scoth? Tosaímis le focail an tráchtair shíordhíograisigh úd Donncha Ó hÉallaithe maidir le irisí Gaeilge áirithe:

Tá deontas flaithiúil á fháil ag *Comhar* (€90,389 i 2010) agus ag *Feasta* (€48,500 i 2010) ó Foras na Gaeilge. Deirtear liom go bhfuil díolaíocht an dá iris an-íseal ar fad. Ní hiontas liom é sin. Ní bhíonn siad ar fáil i siopaí i gConamara, áit a ndíolfaí corrcheann dá mbeadh. Ní bhíonn siad ar fáil tigh Eason i Stáisiún Heuston... De ghnáth nuair a éiríonn liom *Comhar* nó *Feasta* a cheannach bíonn alltacht orm leis an leagan amach seanaimsearach leadránach, a bhíonn orthu. Cuir *Comhar* i gcomórtas le *Archaeology Ireland* nó *History Ireland*, dhá iris atá ag freastal ar mhargadh an-teoranta chomh maith.¹

Fiafraíonn Ó hÉallaithe an amhlaidh nach acmhainn do lucht na Gaeilge irisí níos tarraingtí a chur ar fáil, irisí a mbeadh fonn ar dhaoine iad a cheannach, ní ar son na cúise ach ar son an tsásaimh a thabharfadh sé dóibh.

Tá foilseacháin eile ann. *An Gael* (www.angaelmagazine.com), mar shampla, iris atá cosúil le *Feasta* agus *Comhar* (litríocht, ailt, tráchtairacht). Ráitheachán is ea í agus fáiltíonn ant-eagarthóir roimh dhánta, scéalta nó ailt ó scríbhneoirí Gaeilge i dtír ar bith. Is í an t-aon iris Ghaeilge amháin den saghas sin í a fhéachann le bheith 'idirnáisiúnta' – an t-aon iris liteartha, mar sin, a thugann aird ar an teanga ar fud an domhain. Ní dócha, áfach, go bhfuil mórán á léamh – go fóill, ar aon chuma.

Agus tá *NÓS* ann (www.nosmag.com), iris a thagann amach i gcló agus ar líne. Cúrsaí reatha is mó is ábhar dí agus cuma ghreanta uirthi, gan trácht ar éagsúlacht an ábhair. Deir an t-eagarthóir go léann thart ar 3,000 duine gach eagrán agus go bhfuil an mhórchuid acu sin ar líne: tá ag éirí go han-mhaith le *NÓS*, mar sin, le hais na n-irisí thuasluaite.

Is cúis iontais é an oiread sin irisí agus eile a bheith ar fáil agus a laghad sin Gaeilgeoirí ann. Ní labhraíonn ach 1.8% den phobal an teanga lasmuigh de na scoileanna. Tugann Foras na Gaeilge airgead do naoi n-eagraíocht déag chun an Ghaeilge a chur chun cinn, ach ní léir cén toradh atá ar a saothar. (Tionscnaimh pleanála teanga de chuid na Gaeltachta is ea cuid acu.) Faigheann TG4 €32 milliún agus gan ach 2% den phobal ag féachaint uirthi; ach níl 100,000 duine chomh dona sin i dtaca le holc. Níl fáil ar fhigiúirí a bhaineann le Raidió na Gaeltachta, cé gur dócha go bhfuil roinnt mhaith éisteoirí ag cuid de na cláracha. , leithéid Cruinneog (<http://www.rte.ie/rnag/cruinneog.html>).

Tá an-bhaint ag an scéal seo lena dheacracht atá sé líon mór Gaeilgeoirí a sholáthar trí na scoileanna – daoine a mbeadh suim acu sna meáin Ghaeilge. Ní scéal nua é seo. Sa bhliain 2007 dúirt Tuarascáil Harris nach bhfuair fiú an tríú cuid de dhaltá sna scoileanna lán-Bhéarla máistreacht ar an nGaeilge idir na blianta 1885 agus 2002. Dúirt an ceathrú cuid de na múinteoirí nach raibh acu ach Gaeilge lag. Ní dócha go bhfuil an scéal pioc níos fearr inniu. Sa bhliain 2010 tháinig an Straitéis 20 Bliain amach (<http://www.arasnangael.ie/uploads/PDFs/Straitéis.pdf>): 'Is aidhm ar leith de chuid an Rialtais é a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla'. Bhí sé de chuspóir ceaptha aici an líon daoine a úsáideann an Ghaeilge gach lá ó thart ar 83,000 (an líon atá anois ann) go 250,000 i gceann fiche bliain. Bheadh baint ag na scoileanna leis seo, ar ndóigh, agus moladh go ndéanfaí 'infheistiúcht fheabhsaithe i dtacaíocht do mhodhanna nuálacha teagaisc agus foghlama'.

Gealltanais, gealltanais... Dá gcuirfí na moltaí seo i bhfeidhm bheadh deis ag na meáin Ghaeilge imeacht le scód, ach is iomaí bád a bád láimh le cuan. Sa bhliain 1983 foilsíodh plean trí bliana a d'éiligh go múinifí ábhair eile trí Ghaeilge, rud nár tharla. Mhol an chéad tuarascáil eile go gcuirfí an leath-thumoideachas i bhfeidhm. Mhúinifí tíreolaíocht, mata, creideamh agus stair trí Ghaeilge. Ach níl faic déanta. Tá léargas ar an scéal le fáil i litir a foilsíodh ar an *Irish Independent* ar 15 Márta 2013:

¹ 'An bhfuil pobal Gaeilge ann?' Donncha Ó hÉallaithe, *Beo*, Eagrán 143, Márta 2013: <http://www.beo.ie/alt-an-bhfuil-pobal-ghaeilge-ann.aspx>

As a 15-year-old, third-year student, I can tell you that the fact that Irish is a compulsory exam subject will mean that even the most diligent student will merely learn the amount of Irish required for the exam and very little else. However, I believe the Irish language should still be taught as it is a language unique to this island. I suggest that Irish be taught in schools for two classes a week as a non-exam subject, where the emphasis is on spoken Irish which can be used in everyday life.

Ní call mórán eile a rá.

Níl rath ar theangacha eile ach oiread in Éirinn, dála an scéil. Baineadh teangacha nua-aimseartha Eorpacha den churaclam bunscóile sa bhliain 2011. In Éirinn tá e-Bay, Facebook agus Google ag fostú daoine ón Frainc, ón Spáinn, ón nGearmáin agus ón Iodáil toisc nach bhfuil fáil acu ar Éireannaigh a bhfuil teangacha Eorpacha ar a dtail acu. Is beag airgead a chaitear ar na teangacha sin sa chóras oideachais seachas a gcaitear ar Ghaeilge.

Thosaíomar leis na hirísí liteartha. Is deacair scríbhneoirí nua a mhealladh mura dtiocfaidh feabhas ar an dáileadh agus ar an dearadh; agus is deacair léitheoirí a mhealladh mura bhfuil scríbhneoireacht den scoth ann. Pobal fíorbheag is ea lucht na Gaeilge in Éirinn agus thar lear: róbheag, b'fhéidir, chun an oiread sin foilseachán a chothú gan deontais mhóra. Is deacair ag an bpointe seo gan cuimhneamh ar fhocail an charachtair úd in *Cré na Cille*: 'Is dualgas coinsiais ar gach Gaeilgeoir a fháil amach a bhfuil bua na scríbhneoireachta aige, go háirid bua na gearrscéalaíochta, na drámaíochta agus na filíochta...'² Tá íoróin an údair le haithint ansin, gan dabht; íoróin a bhaineann go dlúth leis an scéal seo.



Breis nuachta

Tá an nuachtán *Gaelscéal* curtha agus caointe. Tá daoine ann agus deir siad gur leor nuachtán amháin (*Foinse* sa chás seo) do phobal scaipthe scáinte na Gaeilge. A mhalaire de thuairim atá ag Foras na Gaeilge, b'fhéidir, agus é i mbun suirbhé ar líne le tuairimí a fháil faoi sheirbhís nua nuachta. Tá ceistiúchán le líonadh ag www.gaeilge.ie.

Is fíor go bhfuil meath tagtha ar dhíolachán nuachtán lán-Ghaeilge, rud a thaispeánann, b'fhéidir, go bhfuil athrú tagtha ar nósanna léitheoireachta lucht na Gaeilge. Thabharfadh torthaí an taighde léargas ar an dóigh ar fearr don Fhoras a chuid airgid a chaitheamh. Tá eolas ag teastáil ón bhForas ar áit chónaithe na léitheoirí agus ar an mbealach a dtagann siad ar a gcuid nuachta – ar pháipéar, ar líne, go háitiúil nó go náisiúnta.



Éagnairc Afganastánach

Tháinig dhá rud le chéile san Afganastáin: an fonn a bhí ar na Stáit Aontaithe agus ar a gcomhghuaillithe cos i bpoll a chur le al-Qaída agus an fonn a bhí orthu saol pobail eile a athchóiriú de réir thuiscint an Iarthair ar a leas – tuiscint a d'eascair ó Ré na hEagnaíochta fadó agus a bhfuil a rian ar intinn an Iarthair fós. San Afganastáin tá a lán rudaí atá bunoscionn leis an tuiscint sin – mí-úsáid cumhachta, an treibheachas, droch-chás na mban, rialtas lag, calaois fhorleathan, easpa oideachais. D'fhanamar ann, mar sin, ach ní raibh an toradh de réir ár dtola. Bhí béascna eile ann agus é righin go leor. Mar a deir seachnámh d'iriseoir Astrálach, Paul McGeough:

The objective always was murky and the required commitment was never there. The US was bailing men and resources from Afghanistan for a war of choice in Iraq just months after it landed. The US did send al-Qaeda packing, so early in the piece that the past 10 years have been about exterminating a part of the Afghan body politic that has fought by the classic rule of an insurgency – the Taliban and the rest did not have to win; to win, they merely had not to lose.³

Mar a dúirt Afganastánach amháin le McGeough, bhí ceithre rud le déanamh: cosc a chur ar chalaouis, srian a chur le mí-úsáid cumhachta, athmhuintearas a dhéanamh idir na daoine agus an cheannairc a chur faoi chois. Níor cuireadh aon cheann acu i gcrích. I bhfocail eile, tá dúil ag mórán Afganastánach féin i gcothrom dlí agus i ndaonlathas, ach theip ar fhórsaí an Iarthair na rudaí seo a fhódú.

² Ó Cadhain, Máirtín. *Cré na Cille*. Sairséal agus Dill, 1979, lch 31.

³ 'Afghanistan: when the West pulls out, wild west rides in,' Paul McGeough, *The Age*, 22 Márta 2013.

Cogadh doiléir neamhsimplí atá ann, ach is léir ón bhfaisnéis atá tagtha chun solais le blianta beaga anuas gur fada seirbhísí rúnda na Pacastáine agus na hIoráine ag cur a ladair sa mhias, gur minic a chuaigh saighdiúirí ón Afganastáin agus ón bPacastáin i ngleic lena chéile ar an teorainn, gur mharaigh idir an Talaban agus na comhghuailligh neart sibhialtach. Is minic a bhí achrann idir póilíní agus saighdiúirí de chuid na tíre. Is deacair do dhaoine a bheith dílis do stát nach ndeachaigh ar sochar dóibh riamh: stát teibí diamhair. Deirtear fiú go bhfuil daoine (i gCúige Paktika) a shíl go raibh na Meiriceánaigh agus an Talaban ag obair as lámha a chéile.⁴

Tá na hAstrálaigh féin ag obair i gCúige Uruzgan (Oruzgan), áit ar maraíodh roinnt acu. Déarfadh daoine éigin gur chóir dóibh oideachas a chur ar fáil don aos óg agus páirtithe polaitiúla a chothú; ach thacaigh siad leis na tiarnaí cogaidh, dream a thugann postanna dá leithéidí féin seachas do dhaoine inniúla oilte. Mar a dúirt duine amháin go searbh le McGeough, ní threisede an daonlathas na comhghuaillithe a bheith ann.

In Uruzgan thug na comhghuaillithe tacaíocht do na Popalzai, treibh Hamid Karzai, Uachtarán na hAfganastáine, cé nach bhfuil sa treibh sin ach an ceathrú ceann is láidre. Bhí dáileadh na cumhachta ag brath roimhe sin ar an líon fear a bheadh ag na treibheanna difriúla, dáileadh a chuir na comhghuaillithe as a riocht. Tháinig achrann as seo: cuid mhaith den fhoréigean a chuirtear i leith an Talaban baineann sé le comhrac idir treibheanna, agus cabhair le fáil, uaireanta, ón Talaban.

Ní raibh sa Talaban riamh ach cuid den fhadhb. Bhain na taoisigh áitiúla leas as an scéal; chuir siad dallamullóg ar na comhghuaillithe, rud a lig dóibh a rogha rud a dhéanamh. An bheirt tiarnaí is treise in Oruzgan níl a gcumhacht ag brath ar fhir agus ar thalamh ach ar chúnamh agus ar airgead na gcomhghuaillithe. Níl a bhac sin orthu dul ag marú daoine, ag creachadh, ag fuadach agus ag éigniú. Cuirtear i leith ceannaire amháin in Oruzgan gur dhíol sé ceantair iomlána leis an Talaban chun nach gcuirfidís isteach air. Mar chuid den mhargadh mharaigh sé os cionn scór seanóirí treibheacha.

Ní féidir na cúrsaí seo a phlé gan cuimhneamh ar chás na mban. Tá mná ann atá ag iarraidh a bheith páirteach i polaitíocht na tíre (rud a thaitníonn thar barr le haigéan liobrálach ar leithéidí féin). Bhíodh Raihana Azad ag obair do na Náisiúin Aontaithe nuair a bhuaíl fonn aisteach í: a bheith ina teachta parlaiminte. Toghadh í dá réir; ach bhí uirthi dul go dtí Kabul faoi bhréagrioct, agus is deacair di filladh abhaile anois mura bhfuil garda míleata Astrálach aici. Bíonn daoine anaithnide ag bagairt uirthi ar a guthán, agus ní foláir di a huimhir a athrú i gcónaí. Nuair a thoghadh í tháinig a naimhde ar a tóir, ag cuardach thithe a muintire. Tá sí ag iarraidh faisnéis a thabhairt do mhná faoina cearta agus tá gráin ag fir éigin uirthi dá bharr. Admhaíonn sí nach mór an t-athrach bisigh atá le haithint ar shaol na mban (cé go bhfuil fáil acu anois ar áiseanna ar nós maisíní fuála).⁵ Ní dóigh léi féin ná le mná eile dá leithéid go dtiocfaidh feabhas ar an scéal tar éis imeacht na gcomhghuaillithe, ach níl siad gan dóchas.⁶

Bhí amhras ag daoine na háite riamh ar eachtrannaigh agus ar a gcomharsana féin, ach is furasta a thuiscint (mar a deirtear) gur mó an bhá a bheadh acu leis na ceannaircigh ná le saighdiúirí ón iasacht. Coinníonn an rialtas féin greim docht ar airgead agus acmhainní toisc gurb áil leo an cogadh a choinneáil ar bun agus breis airgid iasachta a chruinniú. Deirtear gur chuir na Meiriceánaigh timpeall \$100 milliún sa dul amú ar an mbealach seo.

Ach imeoidh na comhghuaillithe agus ní féidir le Hamid Karzai téarma eile a chaitheamh mar uachtarán; is iad na tiarnaí cogaidh a bhainfidh tairbhe as an scéal agus iad beo fós ar airgead na gcomhghuaillithe. Maidir le harm na tíre, is beag fonn atá ar fhormhór na n-earcach leanúint den tsaighdiúireacht, agus rachaidh an chuid eile (a traenáladh le hairgead iasachta) abhaile chun a muintir féin a chosaint. Tíocfaidh an Talaban ar ais, agus deir daoine éigin nach measa iad ná cuid de na tiarnaí. Tá lucht an ghustail ag teitheadh thar lear cheana lena gcuid airgid.

Idir an dá linn tá na comhghuaillithe ag iarraidh an cruth is fearr a chur ar an scéal, agus tá a leagan féin ag Roinn Cosanta na hAstráile. Tá saighdiúirí Astrálacha ag traenáil cuid d'Arm na hAfganastáine – an 4ú Briogáid

⁴ <http://www.guardian.co.uk/world/2010/jul/26/us-battle-hearts-minds-afghanistan>

⁵ Féach 'For MP who can't go home, little has changed,' Paul McGeough, *The Age*, 18 Márta 2013.

⁶ <http://www.theage.com.au/world/afghanistans-freedom-fighters-20130317-2g8ro.html>

den 205ú Cór ('Cór na Laochra') i gCúige Uruzgan. Deir an preasráiteas (Márta 2013) go bhfuil 'significant progress' á dhéanamh.⁷

Ceist eile – cén saghas tíre a bheidh ann feasta. B'fhéidir go rachfaí chun comhghéillte; ach tá Táidsíicigh agus Úisbéicigh an tuaiscirt armtha agus rún acu dul chun troda más gá; agus níor mhaith leis na Paistiúnaigh (pobal mór an oirdheiscirt) duine d'aon dream eile a bheith i gcumhacht. B'fhéidir go ndéanfaí na ceannaircigh a ionsaí; ach d'fhágfadh sin na taoisigh ag dul i ngleic lena chéile. B'fhéidir go dtitfeadh an tír as a chéile go ceann tamaill. Pé rud a tharlóidh, beidh cinniúint na tíre ag brath ar mhuintir na tíre agus gan a fhios ag aon duine cad a thiochfaidh as.

*Baineadh tairbhe as tuairiscí **Paul McGeough** anseo. Tá McGeough ar na hiriseoirí Astrálacha is mó eolas ar chúrsaí na hAfganastáine (chait sé tamall fada i mbun oibre ann agus rinne an Roinn Cosanta iarracht ar é a choinneáil amach uair amháin toisc nár thaitin a thuairiscí leo), agus is fiú sraith alt a scríobh sé do The Age a léamh, mar a leanas:*

* 'Afghanistan now: life in the shadow of the lords of war': 16 Márta 2013

* 'For MP who can't go home, little has changed': 18 Márta 2013

* 'Conflict gains pace along tribal lines': 22 Márta 2013

* 'Afghanistan: when the West pulls out, wild west rides in': 22 Márta 2013



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

⁷ <http://www.defence.gov.au/defencenews/stories/2013/mar/0319.htm>

Leaganacha simplithe

Irisí

Is beag duine a léann na hirisí Gaeilge is sine. Faigheann *Comhar* agus *Feasta* deontas mór ach is deacair iad a fháil sna siopaí. Tá sé curtha ina leith⁸ go bhfuil leagan amach ‘seanaimsearach leadránach’ orthu.

Tá irisí suimiúla eile ann. Tá an iris idirnáisiúnta *An Gael* cosúil le *Feasta* agus *Comhar*. Tá cuma shnasta ar an iris seo agus glacann sí ábhar as gach áit. Ar nós an dá iris eile úd, tá gá aici le léitheoirí. Is mó fós an gá atá aici le scríbhneoirí. Murab ionann is na hirisí eile (a thagann amach gach mí), tagann sí amach gach ráithe. Tá sí le léamh ar líne agus i gcló.

Tá cuma ghreanta ar NÓS, iris a bhfuil cúrsaí reatha mar ábhar aici. Tá sí ar fáil ar líne agus i gcló, agus deir an t-eagarthóir go léann timpeall trí mhíle duine gach eagrán, figiúr atá measartha ard. Ar líne is mó a léitear í.

Tá a lán irisí ann, mar sin, ach níl an oiread sin Gaeilgeoirí ann. Ní labhraíonn ach 1.8% den phobal an teanga lasmuigh de na scoileanna, cé go gcaitear mórán airgid ar na meáin Ghaeilge agus ar eagraíochtaí Gaeilge i gcoitinne.

Tá baint aige seo le staid na teanga sna scoileanna. Tá sé ráite go minic le blianta beaga anuas go gcaithfear feabhas a chur ar mhodhanna teagaisc agus foghlama sna scoileanna, ach is beag rud a tharla dá bharr. Ní bhíonn Gaeilge ar a dtoil ag na daltaí fiú tar éis í a fhoghlaim le tamall fada, agus nach bhfuil ach Gaeilge lag ag mórán de na múinteoirí féin. Dá bhrí sin níl mórán daoine ann ar féidir leo tairbhe a bhaint as na meáin Ghaeilge.

Éagnairc Afganastánach

Tá an Astráil agus comhghuaillithe⁹ eile Mheiriceá ag fágáil na hAfganastáine. Tá deireadh anois le al-Qaeda ann, ach d’fhan na comhghuaillithe sa tír. Bhí ceithre rud le déanamh: cosc a chur ar chalois, srian a chur le mí-úsáid cumhachta, athmhuintearas¹⁰ a dhéanamh idir na daoine agus an cheannairc a chur faoi chois. Níor cuireadh aon cheann de na rudaí sin i gcrích.¹¹

Cogadh doiléir neamhshimplí atá ann. Is fada seirbhísí rúnda na Pacastáine agus na hIoráine ag cur a ladair sa mhias.¹² Níl fórsaí na hAfganastáine féin ar aon intinn lena chéile. Tá an rialtas lag, agus is deacair do dhaoine a bheith dílis do stát nach ndeachaigh ar sochar dóibh riamh.

Bhí na hAstráil agus féin ag obair i gCúige Uruzgan. Thacaigh siad féin agus na Meiriceánaigh leis na tiarnaí cogaidh, dream neamhthrócaireach nach maith leo an daonlathas. Thug siad tacaíocht do threibh áirithe, agus dá bhrí sin bhí na treibheanna eile míshásta. Tá siad ag troid lena chéile dá bharr. Ní raibh sa Talaban riamh ach cuid den fhadhb. Is minic is measa na taoisigh áitiúla ná iad.

Ní féidir na cúrsaí seo a phlé gan cuimhneamh ar chás na mban.¹³ Tá mná ann atá ag iarraidh a bheith páirteach i polaitíocht na tíre. Cuireann siad iad féin i gcontúirt leis, agus admhaíonn siad nach mór an feabhas a tháinig ar shaol na mban i gcoitinne. .

Bhí amhras ag daoine na háite riamh ar eachtrannaigh agus ar a gcomharsana féin. Ach is fearr le mórán acu na ceannaircigh ná saighdiúirí ón iasacht. Ní dócha go mbeidh na dreamanna difriúla ag comhréiteach lena chéile tar éis go n-imeoidh na comhghuaillithe. Beidh cinniúint na tíre ag brath ar mhuintir na tíre agus gan a fhios ag aon duine cén toradh a bheidh ar an scéal.

⁸ Tá sé curtha ina leith – it is alleged about them

⁹ Comhghuaillithe - allies

¹⁰ Athmhuintearas - reconciliation

¹¹ Cuir i gcrích - accomplish

¹² Ladar a chur sa mhias - interfere

¹³ Cás na mban – the situation of women